

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

# 2022
# Tuarascáil Éire Ildánach ar Dhul Chun Cinn

## *Todhchaí Ildánach*

**Todhchaí Ildánach 2022**


Réamhrá

Buaicphointí 2022

Pobail Ildánacha

Óige Ildánach

Tionscail Ildánacha

Sláinte agus Folláine Ildánach

Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide

Cruinniú na nÓg 2022

Scéal an Ealaíontóra

# Réamhrá

Cruthaíodh gur bliain thar a bheith suntasach a bhí sa bhliain 2022 do Chlár Éire Ildánach i mo Roinn. Tá ríméad orm gur aontaigh an Rialtas le mo mholadh síneadh a chur leis an tionscnamh seo go ceann cúig bliana eile go dtí an bhliain 2027.

Tá an-áthas orm go mbeidh an tAire Foley, an tAire O'Gorman, an tAire Harris agus mé féin ag cur Plean Óige Ildánach nua ar fáil go luath don Rialtas lena aontú. Trí chórais oideachais agus oiliúna na hÉireann agus i bpobail na hÉireann, cothófar cruthaitheacht na leanaí agus daoine óga. Leis an méadú ar an maoiniú a chuir mé ar fáil do na húdaráis áitiúla, tá Cruinniú na nÓg fós ag dul ó neart go neart agus cuireadh níos mó ná 669 tionscnamh ar fáil ar fud na tíre sa bhliain 2022.

Faoi Phobail Ildánacha, bhí ríméad orm leis an bhfreagra a thug údaráis áitiúla i leith an mhaoinithe breise a chuir mé ar fáil dóibh sa bhliain 2022 do thionscnaimh maidir le daoine níos sine, comhoibriú trasteorann, oideasú sóisialta agus forbairt na ngeilleagar ildánach áitiúil. Méadóidh an tAire O'Brien agus mé féin an infheistíocht sna húdaráis áitiúla de réir mar a chuireann siad Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheacha nua faoi stiúir an phobail ar fáil do na blianta 2023–2027. Beidh na straitéisí sin fós ina gcúis le háiteanna níos bríomhaire, níos sláintiúla, níos ionchuimsithí agus níos inbhuanaithe.

Leis an gcomhoibriú ar leith seo, idir shuiteálacha solais cois cósta, bhealaí siúlóide pailneoirí agus obair ealaíne a ghineann fuinneamh in-athnuaite, cuireadh cur chuige ildánach ar fáil chun na hathruithe a bhí de dhíth chun troid in aghaidh an athraithe aeráide le linn na bliana 2022 a léiriú agus a dhéanamh. Trí Chiste nua um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide, leanfaidh an tAire Ryan agus mé féin orainn ag treisiú earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta nuair a chuirfidh muid ciste nua €3.6 milliún ar fáil chun daoine ar oileán na hÉireann a cheangail ar bhealach fóinteach leis an ngá atá le hathrú iompair a dhéanamh maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Bhí áthas orm in éineacht leis an Aire McGrath agus an tAire Coughlan an chomhdháil Dearadh sa Rialtas a óstáil i bpictiúrlann álainn Lighthouse le linn Sheachtain na Nuálaíochta Poiblí i mí na Samhna. Ní mór smaointeoireacht chruthaitheachta agus dearaidh a bheith mar ghnáthghné de na seirbhísí poiblí agus tá mé ag tnúth leis na deiseanna a bheidh ar fáil.

I ndiaidh siompóisiam náisiúnta ar éirigh go maith leis i mí an Mheithimh agus a d'óstáil an tAire Donnelly, bhí mé an-sásta athnuachan a dhéanamh ar an gcomhaontú atá againn le hÉire Shláintiúil, FSS agus an Chomhairle Ealaíon de réir mar a lorgaíonn muid cur chuige níos imeasctha agus níos ailínithe idir na healaíona cruthaitheacha agus na hearnálacha cúraim sláinte maidir le sláinte agus folláine ildánach. Bhí ríméad ar leith orm casadh le tionscadail iontacha maidir le Folláine an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht — comhoibriú láidir a bhfuil suim agam forbairt a dhéanamh air sna blianta amach romhainn.

Maidir le feabhas a chur ar rannchuidiú an Chláir i dtreo inbhuanaitheacht shóisialta, tá mé ag tnúth le hobair a dhéanamh le mo chomhghleacaithe ar fud an Rialtais agus le páirtithe leasmhara chun béim níos mó a chur ar chothromaíocht deiseanna — go háirithe maidir le míchumas, comhionannas, éagsúlacht agus LADTI+. Mar fhocal scoir le fógra an Taoisigh i mí na Nollag maidir le tacaíocht ón tionscnamh Oileán Comhroinnte, tá a fhios agam go bhfuil Éire Ildánach ag bogadh cheana féin chun béim uile-oileáin níos mó a ghlacadh san obair a bheidh ar bun acu sna blianta amach romhainn.

## An tAire Catherine Martin

**An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**



Ailbhe Gerrard agus an tAire Catherine Martin, Brookfield Farm. Íomhá ó Aengus McMahon

# Buaicphointí 2022



*Worker's Villages,* Foras Ailtireachta na hÉireann
Íomhá ó Evelyn D'Arcy

# Buaicphointí 2022

Síneadh curtha le Clár Éire Ildánach go dtí an bhliain **2027**

**€6.6m** leithdháilte do thionscadail údarás áitiúil Éire Ildánach

Ciste nua **€3.6m** um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide fógartha

Éire Ildánach i measc na **277,000** cuairteoir chuig an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Imeachtaí **ar an láthair** ar siúl arís ag Cruinniú na nÓg timpeall na tíre

Tionscnamh faoi **Fholláine an Lucht Siúil** curtha ar fáil ag FSS, an Roinn Sláinte agus an Chomhairle Ealaíon ar bhonn píolótach

# Pobail Ildánacha



Tionscadal Sobaldráma Chomhairle Contae Chorcaí
Íomhá ó Alison Miles

# Pobail Ildánacha

D'infheistigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta €6.6 milliún i bpobail áitiúla sa bhliain 2022 faoin gClár Éire Ildánach. Clúdaíodh sa tacaíocht do thionscadail réimsí beartais amhail gníomhú ar son na haeráide, fiontraíocht, turasóireacht, an óige, forbairt uirbeach, tuaithe agus pobail agus sláinte agus folláine an phobail. Tugadh roinnt tionscaimh ildánacha nua isteach in éineacht leis na tionscadail sin.

Tá an tionscanamh Cruthaitheachta do Dhaoine Níos Sine fós ag tacú le folláine daoine níos sine. I measc na dtionscanamh a bhí ann sa bhliain 2022 bhí 750 ceolchoirm curtha i láthair ag Mobile Music Machine i dtithe cúraim ar fud na tíre, tionscadal idirghlúine cniotála i gCill Chainnigh, sobalchlár raidió a cruthaíodh i gContae Chorcaí, tionscadal cruthaitheach analógach grianghrafadóireachta ar shráideanna Chathair Chorcaí agus tionscadal ealaíne lenar caomhnaíodh portráidí agus scéalta pearsanta na ndaoine níos sine i Laois.

**831**
tionscadal faoi stiúir an phobail curtha ar fáil ag 31 Údarás Áitiúil

**4,854**
oibrí cruthaitheachta agus cultúir fostaithe



Tionscadal Sobaldráma Chomhairle Contae Chorcaí.
Íomhá ó Alison Miles



**Writing Home**

*Spreagadh ní éigin agus tá*
*muid fós ag baint leas as*

Ba thionscadal scríbhneoireachta cruthaitheachta a bhí sa tionscnamh Writing Home Chomhairle Contae Chill Chainnigh i gcomhar le Poetry Ireland. Sa tionscnamh sin tacaíodh le folláine na n-áitritheoirí i mbrúnna do dhaoine gan dídean i bPort Láirge agus i gCill Chainnigh. Úsáideadh scríbhneoireacht agus an teanga labhartha sa tionscadal a bhí faoi stiúir an fhile Colm Keegan chun léargas barántúil a thabhairt ar shaol na ndaoine a úsáideann an tseirbhís.

# Óige Ildánach




Scoileanna Ildánacha Chorcaí
Íomhá ó Liam D Kidney

**185**

scoil nua curtha leis an gClár Scoileanna Ildánacha

**153**

scoil nua páirt in 42 Braisle Ildánach ar fud na tíre

**629**

cónaitheacht ealaíontóra i scoileanna nua faoi BLAST (Na hEalaíona Beo a Thabhairt do Scoláirí agus do Mhúinteoirí) don scoilbhliain 2022/2023

**124**

oideoir oiliúint tríd an gClár Teicneolaíochta Cruthaitheachta le Kinia.

**480**

seisiún Scríbhneoireachta Cruthaitheachta i gcomhpháirtíocht le *Fighting Words* inar freastalaíodh ar níos mó ná 12,000 rannpháirtí óg

# Óige Ildánach

Páirt glactha ag 185 scoil nua agus áis Ógtheagmhála sa Chlár Scoileanna Ildánacha. Áirítear orthu sin ceithre scoil eile i suíomhanna ailtéarnacha a bheidh ag fáil tacaíochtaí feabhsaithe: Scoil Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh; Scoil Speisialta Ardtacaíochta Bhaile Uí Dhúda; Scoil Speisialta na Crannóige Nua i bPort Reachrann; agus Scoil Speisialta Naomh Canice, Luimneach.

Méadaíodh an chomhpháirtíocht le Fighting Words. Thacaigh Éire Ildánach le ceardlanna ar an láthair ar fud na tíre. Cuireadh síneadh leis an tionscnamh Síolta Scéalta chuig Baile Átha Cliath Thiar, ionchathair Bhaile Átha Cliath Theas, Bré, Droichead Átha, Cathair Chorcaí agus Cathair Luimnigh.

Lean Kinia ag cur oiliúint ar fáil i leith scileanna teicneolaíochta cruthaitheachta d'oideoirí gairmiúla, d'oibrithe don aos óg agus d'oibrithe deonacha a bhíonn ag obair le daoine óga ar fud na tíre agus sheol siad Dintiúir Kinia le haghaidh forbairt ghairmiúil.

Le The Big Idea, oibríodh le daltaí na hidirbhliana in 42 meánscoil ar smaointeoireacht dearaidh agus réiteach fadhbanna cruthaitheachta. Baineadh triail as múnla athchóirithe freisin i suíomh Ógtheagmhála agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Tá 6 Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach fós ag tabhairt aghaidh ar na saincheisteanna a bhaineann le huileghabhálacht, aonrú sóisialta agus tuaithe agus féiniúlacht chultúir trí thionscnaimh ildánacha nuálaíochta. I meas na dtionscadal a cuireadh ar fáil bhí an t-amhrán fuinniúil dearbhaithe saoil, 'Succeed' a scríobh grúpa buachaillí as Mainistir na Féile agus a raibh tacaíocht faighte acu ó Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach Luimnigh/ an Chláir. Ó shin i leith, tá an-tóir ar an amhrán ar YouTube agus chas na daoine óga an t-amhrán beo ag imeachtaí taobh amuigh sa Mhol Foghlama i Luimneach agus sa Kabin i gCorcaigh do Sheachtain Mhórtais an Lucht Siúil.:

Léigh tuilleadh faoi na chéad 5 bliana d'Óige Ildánach anseo thíos




Scoileanna Ildánacha Chorcaí.
Íomhá ó Liam D Kidney

# Tionscail Ildánacha



I dtreo Thodhchaí Ildánach
Íomhá ó Mark Stedman.

# Tionscail Ildánacha



I dtreo Thodhchaí Ildánach.
Íomhá ó Mark Stedman

Seoladh Ciste Pobail Ildánacha um Ghníomhú ar son an Gheilleagair i mí Aibreáin. Leis an tionscnamh nua seo, cuireadh acmhainní ar fáil d'ocht n-údarás áitiúla chun cumas tionscal ildánach áitiúil a fhorbairt. Áirítear orthu sin tacaíocht le haghaidh braislí beochana i gCúige Mumhan, forbairt cluichí tumthacha i nGaillimh, fiosrúchán maidir le comhoibriú idir Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, gníomhachtú cleachtas dearaidh i dtionscail i gcoitinne ar fud an Iarthuaiscirt, táirgeadh éadaigh a fhorbairt i nDún na nGall, forbairt scileanna clóghrafaíochta i gCeanannas i gCo. na Mí, na naisc idir gruagairí agus ealaín i Liatroim.

Chuir an tAire Catherine Martin, an tAire Michael McGrath agus an tAire Ossian Smyth fáilte roimh thoscairí chuig an gcéad chomhdháil *Dearadh sa Rialtas* i mí na Samhna i bPictiúrlann Light House. Trí Chlár Éire Ildánach, d'óstáil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe comhdháil mar chuid de Sheachtain na Nuálaíochta sa tSeirbhís Phoiblí don bhliain 2022. Seoladh san imeacht fréamhshamhail maidir le prionsabail dearaidh ar a bhfuil sé mar aidhm acu smaointeoireacht chruthaitheachta a leabú i gcroílár an rialtais. Cuireadh i láthair sa chomhdháil na buntáistí a bhaineann le hacmhainní dearaidh a fhorbairt san earnáil phoiblí do lucht úsáide na seirbhíse agus soláthróirí seirbhíse araon.

Rogha cur i láthair ón gcomhdháil anseo thíos

# Sláinte agus Folláine Ildánach



Slow Camera Exchange, Éire Ildánach, Corcaigh
Íomhá ó Alana Daly Mulligan

# Sláinte agus Folláine Ildánach

€1,350,000

i dtionscadail sláinte agus folláine ildánach sa bhliain 2022

D'óstáil an tAire Catherine Martin agus an tAire Stephen Donnelly an siompóisiam The Art of Being Healthy and Well ar an 22 Meitheamh. Trí chomhpháirtíocht Chlár Éire Ildánach idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Chomhairle Ealaíon, rinneadh ceiliúradh sa siompóisiam ar chéim shuntasach chun an chruthaitheacht agus na healaíona a leabú laistigh de sholáthar cúraim sláinte in Éirinn.

Leanadh leis na tionscnaimh ildánacha do dhaoine níos sine sa phobal sna hospidéil agus sna tithe altranais sa bhliain 2022. D'oibrigh comhpháirtithe le Foras Ospíse na hÉireann chun tacú leis an iniúchadh ildánach ar ag fáil bháis, bás agus méala lena n-áirítear tionscadal speisialta deartha go sonrach do dhaoine a bhfuil siondróm Down orthu agus a dteaghlaigh.

Le comhoibriú Éire Ildánach le hAoisbhá Éireann, cuireadh deiseanna ar fáil chun sláinte agus folláine a fheabhsú, uaigneas a laghdú agus naisc shóisialta a mhéadú trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ildánacha. Áirítear orthu sin seisiúin céilí, ceachtanna ceoil, ceardlanna filíochta agus ceardlanna chun maisc a dhéanamh atá curtha in oiriúint chun oiliúint a chur ar an traenálaí.

Sheol Éire Ildánach in éineacht leis an Roinn Sláinte, FSS agus an Chomhairle Ealaíon an tionscnamh píolótach Folláine an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht. Is é an aidhm a bhí leis ná sláinte agus folláine an Lucht Siúil a chur chun cinn trí thionscadail ealaíon ildánach a mbíonn tionchar acu a chomhléiriú agus a chur ar fáil amhail Guth na Mincéirí i Luimneach; Tionscadal na bPisreog i mBaile Munna, Gníomh Cultúrtha, Cearta Cultúrtha: Dúshraith don Fholláine i nGaillimh, An Lucht Siúil ar an Scáileán déanta ag Cluster Fox Films; agus tionscadal ó Ghailearaí Grianghrafadóireachta na hÉireann, Martin Beanz Warde agus an Tionscnamh Doirse Oscailte.

Leis an gCeolchoirm mhór ina raibh ceoltóirí mór le rá chomh maith le ceolfhoireann 47 píosa á stiúradh ag David Brophy, rinneadh ceiliúradh ar thionscadal Ceolchoirmeacha Cúraim Covid agus ar obair na n-oibrithe cúraim sláinte túslíne sa Cheoláras Náisiúnta i mí an Mheithimh.




Slow Camera Exchange, Éire Ildánach, Corcaigh.
Íomhá ó Alana Daly Mulligan

# Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide




Línte na Farraige i nGaillimh
Íomhá ó Peta Niittyvirta

# Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide




Línte na Farraige i nGaillimh.
Íomhá ó Peta Niittyvirta

Bhí na chéad 15 tionscadal den Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide ar siúl le linn na bliana 2022. Áirítear orthu sin suiteálacha drámatúla solais a léirigh go bhfuil leibhéal na mara ag ardú i nGaillimh agus i Loch Garman, cláir thumthacha thalmhaíochta i nDaingean Uí Chúis agus Tiobraid Árann, tionscadail dícharbónaithe i Luimneach agus i bPort Láirge agus athghiniúint ar an gcultúr deisithe agus athúsáide san Iarmhí.

Bhí an ciste sin ar an gcéad cheann dá leithéid in Eoraip agus tugadh ealaíontóirí agus earnáil na cruthaitheachta i gcoitinne, eolaithe aeráide, údaráis áitiúla agus grúpaí pobail le chéile chun tionscadail a chur ar fáil lena gcuirtear athruithe iompair atá de dhíth chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide.

Sheol an tAire Catherine Martin agus an tAire Eamon Ryan ciste nua €3.6 milliún i mí na Samhna, *Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide II: Gníomhaithe don Athrú,* a bheidh ar siúl idir na blianta 2023-2025.



Is é **Brookfield Farm** a chuir Malartú Allamuigh i láthair i gcomhar leis na healaíontóirí Deirdre O'Mahony agus John Gerrard. Oibríodh le grúpa ina raibh 30 feirmeoir agus saineolaithe ar chúrsaí aeráide agus feirmeoireachta. Chas an pobal agus na healaíontóirí le chéile agus roinn siad a dtuairimí le chéile uair amháin sa tseachtain ar feadh 12 seachtain le linn an tsamhraidh. Leis na Malartuithe Allamuigh sin, tugadh ealaín, bia agus talmhaíocht le chéile agus cruthaíodh deiseanna do gach duine chun smaointe a roinnt faoin mbealach le dul i ngleic leis an athrú aeráide chomh maith le táirgeadh agus ídiú.

*"Is tionscadal dóchasach é!"*

**Ealaíontóir John Gerrard**

# Cruinniú na nÓg 2022



Caterina holding artwork
Íomhá ó Bonnie Dwyer

# Cruinniú na nÓg 2022

669
imeacht beo cruthaitheachta

1,246
oibrí cruthaitheachta agus cultúir fostaithe

Is í an bhliain 2022 a bhí Cruinniú na nÓg ar siúl beo arís. Choimisiúnaigh Éire Ildánach cúig chomhpháirtí straitéiseacha chun tionscadail ar fud na tíre a fhorbairt roimh an 11 Meitheamh.

D'fhostaigh Damhsa Éireann — Tob-Dhamhsaí 12 cuideachta damhsa óige chun oibriú le daoine óga chun taispeántais agus ceardlanna damhsa a dhéanamh thar réimse áiteanna, grúpaí agus stíleanna damhsa. Tháinig Garageland, príomhthacadóir na hÉireann a thacaíonn le ceoltóirí de gach aois atá ag teacht chun cinn, ar ais chuig Cruinniú na nÓg. Bhí ocht n-ionad bheo ar fud na tíre ann agus thug na hionaid sin deis do na céadta daoine óga dul ar stáitse agus nóiméad éachtach a bheith acu i ndiaidh dóibh dhá bhliain a chaitheamh sa seomra codlata ag casadh ceoil.

Le Tithe Stairiúla na hÉireann, cuireadh daoine óga ar an eolas faoi mhaoine oidhreachta trí chlár dírithe ar leanaí de ghníomhaíochtaí cruthaitheachta taobh amuigh a rinne iniúchadh ar bhithéagsúlacht na ngairdíní, na bpáirceanna agus na gceantar fiáin.

Le Irish Street Arts, Circus and Spectacle Network, rinneadh ceiliúradh ar an ról atá acu le ceithre phríomhchomhpháirtí agus ceannaire sa réimse. D'óstáil Sorcas Pobail na Gaillimhe, Monarcha Sorcais Chorcaí, Club Sorcais Chloch Shiurdáin agus Tionscadal Sorcais Bhaile Átha Cliath ceardlanna iontacha saor in aisce agus forbairt scileanna ar líne. Cuireadh tús le Féile Scannán Leanaí an Aonaigh (Cruthaigh agus Glac Páirt) sa bhliain 2022 le sraith de thionscadail for-rochtana agus sa deireadh bhí féile ag an deireadh seachtaine ar siúl le Cruinniú na nÓg i gcroílár an tionscadail.



Caterina holding artwork.
Íomhá ó Bonnie Dwyer



# Scéal an Ealaiontóra

Through Our Eyes
Martin Beanz Warde

# Scéal an Ealaíontóra

**Through Our Eyes — Martin Beanz Warde**

*Osclaíodh taispeántas grianghraf de dhaoine den Lucht Siúil a roghnaigh Martin Beanz Warde i Músaem Grianghraf na hÉireann ar an 3 Samhain 2022 .*

Céard is duine de Lucht Siúil na hÉireann ann? Mar atá foghlama agam le cúpla mí anuas, bíonn taithí ag daoine den Lucht Siúil nach n-oireann do na steiréitíopaí agus don ghinearálú a bhfuil aithne againn orthu. Is scríbhneoir agus taibheoir aerach mé laistigh den Lucht Siúil agus tuigim na deacrachtaí a bhíonn againn ó dhúchas chun tú féin a chur in iúl agus go mbíonn ort na traidisiúnaithe laistigh de do phobal a shásamh ag an am céanna.

D'oibrigh mé i gcomhar le Músaem Grianghraf na hÉireann agus leis an tionscanamh Doirse Oscailte don tionscadal grianghrafadóireachta *Through Our Eyes,* ar a bhfuil sé d'aidhm aige léiriú a chur in iúl trí shúile an ealaíontóra. Ba as gach cearn d'Éirinn na rannpháirtithe — Winnie Ward, Patrick McDonagh, Chantelle Stokes, Emma Ward, Timmy Casey, Thomas Connors, Martin Ward, Helena Power, agus Emily Evans — agus bhí siad idir 19 agus 36 bliain d'aois.

Bhí plean an tionscadail simplí. Chas mé le gach rannpháirtí chun grianghraf a ghlacadh díobh agus ansin iarradh orthu féin grianghraf a ghlacadh, rud a thug deis dúinn léargas a fháil ar a ndearcadh féin ar réimse ábhair a bhí leagtha amach agam dóibh lena n-áirítear "nithe a bhfuil tú ag súil leis agus brionglóidí", "sonas", "saoirse" agus "slándáil". Le cuidiú ón tionscanamh Doirse Oscailte agus le ceardlann ar líne a rinne an grianghrafadóir Brendan Ó Sé, bhí eolas curtha ar fáil dúinn agus bhí muid réidh le tosú.

Tríd an tionscadal bhí deis agam casadh le daoine den Lucht Siúil as gach cearn d'Éirinn a bhí ar thóir na haislinge nach bhféadfaí a shamhlú 20 bliain ó shin. D'fhoghlaim mé faoin intleacht, teacht aniar agus dul chun cinn atá ann sa phobal sin agus bhí sé de phléisiúr agam ardán a thabhairt do dhaoine nach dtugtar cluas dóibh chomh minic sin.

# Go raibh maith agat…

I gcóir tuilleadh eolais faoi Chlár Éire Ildánach téigh chuig
**www.creativeireland.gov.ie**

**Lean muid ar na meáin shóisialta**